Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Meán Fómhair 2026 (OR. en)**

**13076/26**
**ADD 1**

**PROBA 27**
**DEVGEN 148**
**FORETS 125**
**ENV 1062**
**WTO 91**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 11 Meán Fómhair 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 454 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle<br>lena n-údaraítear rannpháirtíocht sa chaibidlíocht maidir le comhaontú idirnáisiúnta nó ionstraim eile a thiocfadh in ionad an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach<br>AGUISÍN |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 454 annex.

---

Faoi iamh: COM(2026) 454 annex

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 11.9.2026
COM(2026) 454 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**Moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**lena n-údaraítear rannpháirtíocht sa chaibidlíocht maidir le comhaontú idirnáisiúnta nó ionstraim eile a thiocfadh in ionad an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach**

**AGUISÍN**

## AGUISÍN

TREORACHA LE hAGHAIDH CAIBIDLÍOCHT MAIDIR LE COMHAONTÚ IDIRNÁISIÚNTA NUA UM ADHMAD TRÓPAICEACH

1. Féachfaidh an Coimisiún, thar ceann an Aontais Eorpaigh, le toradh caibidlithe cuimsitheach a bhaint amach, lena gcuimseofar na cuspóirí agus na prionsabail a leagtar amach thíos.

2. Ginearálta

Leis an gComhaontú nua, ba cheart creat agus institiúid idirnáisiúnta a leagan síos do na Páirtithe ann chun trádáil idirnáisiúnta in adhmad trópaiceach ó fhoraoisí a bhainistítear go hinbhuanaithe agus a bhuantar go dleathach a chur chun cinn, mar aon le héagsúlú na dtáirgí lena mbaineann, trédhearcacht margaidh agus bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí a tháirgeann adhmad trópaiceach.

3. Sainordú agus ainmníocht

Ba cheart raon feidhme an chomhaontaithe nua a bheith comhionann nó comhchosúil le raon feidhme ITTA 2006. Dá gcuirfí leis an raon feidhme, ba cheart údar maith a bheith leis sin agus ba cheart a sheachaint leis, a mhéid is féidir, go mbeidh forluí ann le hionstraimí nó próisis idirnáisiúnta eile.

Leis an gComhaontú nua, ba cheart feidhm ITTO a dhearbhú mar chreat idirnáisiúnta chun trádáil in adhmad trópaiceach ó fhoraoisí a bhainistítear go hinbhuanaithe agus a bhuantar go dleathach a éascú, tacú léi agus í a chur chun cinn, chomh maith leis an trédhearcacht margaidh ghaolmhar.

Ní mór a áirithiú leis an gComhaontú nua go rannchuideoidh ITTO leis an gclár oibre agus leis na spriocanna domhanda maidir le foraoisí. Ba cheart é sineirgí a chothú leis freisin le hionstraimí agus cuspóirí idirnáisiúnta eile a bhaineann le foraoisí, agus dúbláil nó forluí neamhriachtanach a sheachaint.

Féadfar forálacha a áireamh sa Chomhaontú nua chun gníomhaíochtaí oibríochtúla a dhíghníomhachtú nó a chur ar sos i gcás ina dtiocfaidh laghdú faoi bhun tairseach faoi leith ar an sciar trádála in adhmad trópaiceach atá ag comhaltaí gníomhacha agus comhaltaí rannpháirteacha.

Ba cheart breithniú a dhéanamh sa chaibidlíocht ar an rogha cuspóirí ITTO a bhaint amach trí mhodh malartach, e.g. ionstraimí nach bhfuil bunaithe ar chonradh, más iomchuí.

4. Éifeachtúlacht agus éifeachtacht i rialachas ITTO

Féadfar an Comhaontú nua a chaibidliú faoi choimirce Chomhdháil na Náisiún Aontaithe ar Thrádáil agus Forbairt (UNCTAD) nó faoi shamhail rialachais mhalartach, ar choinníoll gur féidir na cuspóirí a bhaint amach ar bhealach éifeachtúil costéifeachtach.

As the current ITTA, the new Agreement may establish various Committees and should also provide for the ITTC to have the powers to establish new Committees or dissolve existing ones.

D'fhéadfadh an Comhaontú nua dáta éaga soiléir a bheith aige agus d'fhéadfaí foráil a dhéanamh ann maidir le hathbhreithniú tréimhsiúil ar a fheidhmiú, ach gan aon teorainn a leagan síos maidir leis an líon síntí. Ba cheart an t-uasfhad a bheidh ag síneadh aonair a chinneadh sa Chomhaontú nua, agus d'fhéadfadh 10-15 bliana a bheith i gceist leis.

Ba cheart forálacha maidir le leasuithe féideartha a áireamh sa Chomhaontú nua. Mar sin féin, níor cheart é a bheith ró-éasca an Comhaontú nua a leasú, go háirithe na forálacha maidir le cearta agus oibleagáidí na gcomhaltaí.

Leis an gComhaontú nua, ba cheart solúbthacht a bheith ann chun minicíocht na ITTCanna a bharrfheabhsú.

Ba cheart forálacha a áireamh sa Chomhaontú nua chun formáidí cruinnithe fíorúla nó hibrideacha a chumasú.

Le forálacha maidir le bainistiú airgeadais an chistithe ábhartha, ba cheart éifeachtúlacht agus trédhearcacht a áirithiú agus an riosca a bhaineann le míbhainistiú acmhainní nó mí-úsáid acmhainní a íoslaghdú.

5. An córas vótála agus ranníocaíochtaí measúnaithe

Ba cheart forálacha leordhóthanacha a áireamh sa Chomhaontú nua chun na Páirtithe a spreagadh lena ranníocaíochtaí measúnaithe a íoc.

Leis an gComhaontú nua, ba cheart córam a shocrú le haghaidh cinnteoireachta agus ba cheart forálacha coimirce leordhóthanacha a áireamh ann chun aghaidh a thabhairt ar chásanna nach mbaineann ITTC an córam amach.

Ba cheart é a bheith d’aidhm ag an gComhaontú nua deighilt nach bhfuil gá léi idir páirtithe is táirgeoirí agus páirtithe is tomhaltóirí a sheachaint, agus cur chuige cothrom comhoibritheach á chur chun cinn.

6. Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh forálacha iomchuí sa Chomhaontú nua lena gceadófar don Aontas a bheith ina Pháirtí ann.

7. Ba cheart don Choimisiún iarracht a dhéanamh a áirithiú go bhfuil an Comhaontú nua comhsheasmhach le reachtaíocht agus le beartais ábhartha an Aontais, agus le gealltanais an Aontais faoi chomhaontuithe iltaobhacha ábhartha eile.

8. Ba cheart don Choimisiún caibidlíocht a dhéanamh i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha de chuid an Aontais atá i bhfeidhm.